

Uirlis Mhachnaimh WorldWise Global Schools



San Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) forbraítear na scileanna a theastaíonn ó foghlaimeoirí chun a mbealach a dhéanamh i ndomhan éagothrom, idirnasctha, éagsúil. Cuireann sé ar a gcumas do dhaoine a bheith ina saoránaigh dhomhanda fhreagracha. I gcomhthéacs an oideachais dhinimiciúil sa lá atá inniu ann, tá sé ríthábhachtach OSD a chomhtháthú go héifeachtach i gcleachtais ranga chun saol níos cuimsithí, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a chothú.

Is gné lárnach é an tOideachas Saoránachta Domhanda (OSD) i dtaobh sochaí dhomhanda eolasach, ghníomhach a chothú, agus d'fhorbair WorldWise Global Schools (WWGS) cúig Threoirphrionsabal i ndáil leis. Is iad seo na prionsabail sin:

- Dífhoghlaim agus Atógáil
- Bunchúiseanna a Aimsiú
- Tús Áite do Chearta an Duine
- Naisc a dhéanamh idir an Ghné Áitiúil agus an Ghné Dhomhanda
- Gníomhú i nDlíthpháirtíocht

Is treoir iad na prionsabail sin i dtaobh cuidiú le hoideoirí agus foghlaimeoirí a bheith feasach ar chúrsaí an domhain agus domhan níos cothroime agus níos inbhuanaithe a bhaint amach. I gcomhair tuilleadh eolais faoi Threoirphrionsabail WWGS, tabhair cuairt ar ár [suíomh gréasáin](#).

Is acmhainn phraiticiúil í **Uirlis Mhachnaimh** WWGS, a thacaíonn le hoideoirí agus cleachtóirí agus machnamh á dhéanamh acu ar chur i láthair OSD in ionaid oideachais agus é á mheas acu. Spreagtar féinmhachnamh chun taifead a dhéanamh ar an bhforbairt a thagann ar an tuiscint ar na téamaí OSD.

Pé acu atá taithí agat cheana ar OSD a chur i láthair nó atá tú díreach ag tabhairt faoi anois, treoir a bheidh san Uirlis Mhachnaimh seo duit agus tú ag déanamh athbhreithniú ar an gcur chuige atá agat faoi láthair, ag sainiú na láidreachtaí, agus ag aimsiú deiseanna fáis. Trí úsáid a bhaint as an uirlis seo, beidh tú in ann saoránaigh dhomhanda ghníomhacha, eolasacha, a bhfuil comhbhá acu, a chothú sa seomra ranga.

Tar éis imeachta, gníomhaíochta, ceardlainne, ceachta nó modúil, ba chóir iarraidh ar na rannpháirtithe na ceisteanna seo a phlé agus a fhreagairt. Óna gcuid freagraí, is féidir leat a dtuairimí a chur in iúl tríd an larratas ar Phas Domhanda (do scoileanna nó d'ionaid oideachais eile) nó tríd an tuairisc a úsáideann eagraíochtaí neamhrialtasacha/líonraí (d'eagraíochtaí dá leithéid).



CEISTEANNA

Machnamh ar na Treoirphrionsabail

1. Cén Treoirphrionsabal WWGS ba mhó a bhain leis an imeacht nó leis an obair OSD atá i gceist?
2. Cad a d'fhoghlaim tú a thacaíonn leis an bPrionsabal sin nó a chuireann leis?
3. Ar bhain aon Treoirphrionsabail WWGS eile leis? Cad a d'fhoghlaim tú a thacaíonn leo nó a chuireann leo, agus conas a d'fhoghlaim tú é?
4. Cén Treoirphrionsabal nó cé na Treoirphrionsabail de chuid WWGS, is mó a chuidigh leat d'eolas ar OSD nó do thaithí air a fhorbairt?

Machnamh ar OSD

1. Cén chuid den imeacht, den cheardlann, den cheacht nó den tsraith ceachtanna ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ort? Mínigh cén fáth agus conas.
2. Cén rud is mó a d'fhoghlaim tú ó bheith páirteach?
3. Cén t-athrú is mó a dhéanfaidh an t-imeacht seo (gníomhaíocht/ceardlann) ort féin, ar do chomhscoláirí, ar do scoil agus/nó ar an bpobal i gcoitinne?
4. Cén obair leantach nó cén ghníomhaíocht leantach a dhéanfaidh tú? Cad ar mhaith leat níos mó a fhoghlaim faoi nó níos mó oibre a dhéanamh air amach anseo?